An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr

1. Lá amháin, bhí mise agus mo chara ag siúl i lár na cathrach. Chonaic muid siopa ceoil le fógra as Gaeilge ar an doras**.** Bhí áthas orainn sin a fheiceáil. Shocraigh muid ar rud éigin a dhéanamh **ar son na Gaeilge**.

2. **An lá dár gcionn**, shocraigh muid ar turas chun na Gaeltachta **a eagrú**. Chuaigh muid ar Facebook agus rinne muid leathanach chun eolas ar an turas a thabhairt **dár gcairde uilig**.

3. D'eagraigh muid turas go dtí an Ghaeltacht i nGaillimh. Bhí an chraic ar dóigh. Bhí céilí againn gach oíche agus bhí an ghrian **ag scoilteadh na gcloch** achan lá. Chaith muid cuid mhór ama ar an trá ag imirt eitpheile.



4. Ar scoil, d'eagraigh muid ciorcal cainte ag am lóin fosta agus tháinig a lán daltaí gach lá **chun caint lena chéile** as Gaeilge. **B'fhiú go mór é mar chleachtadh.**

5. Ansin, chuala mé ar an raidió gur scríobh múinteoir chuig TG4 faoin **obair fhiúntach** a rinne muid. Chuala muid go raibh siad ag teacht **chun duais speisialta a thabhairt** dúinn. Ní raibh mé ábalta **é a chreidmheáil**!

6. Faoi dheireadh, tháinig TG4 go dtí an scoil ar cuairt. **Bhronn siad gradam speisialta** orainn. Bhí muid iontach brodúil as an obair a rinne muid an Ghaeilge a neartú sa scoil. Mar a deir an seanfhocal:
"Beatha teanga í a labhairt!"